

North South Ministerial Council
Joint Secretariat



An Chomhairle Aireachta
Thuaidh Theas
An Chomhrúnaíocht

PÁIPÉAR CATT 2 (13) JC

AN CHOMHAIRLE AIREACHTA THUaidH THEAS

AN SEACHTÚ CRUINIÚ IOMLÁNACH DÉAG

ARD MHACHA

8 SAMHAIN 2013

COMHRÁITEAS

1. Tionóladh an seachtú cruinniú iomlánach déag den Chomhairle Aireachta Thuaidh Theas (CATT) in Ard Mhacha ar 8 Samhain 2013.
2. Bhí toscaireacht Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann faoi cheannasaíocht an Chéad-Aire, an Ró-Onórach Peter Robinson CTR agus an LeasChéad-Aire, Martin McGuinness CTR. Bhí toscaireacht Rialtas na hÉireann faoi cheannasaíocht an Taoisigh, Enda Kenny TD. Ba iad an Céad-Aire agus an LeasChéad-Aire a bhí ina gcathaoirligh ar an chruinniú. Tá liosta iomlán de bhaill an dá thoscaireacht faoi iamh mar larscríbhinn.
3. D'fháiltigh an Chomhairle roimh an rath a bhí ar an Chomhdháil Infheistíochta a tionóladh i dTuaisceart Éireann le linn Dheireadh Fómhair i ndiaidh óstáil chruinniú mullaigh an G8. Fáiltíodh fosta roimh an rath a bhí ar Fhóram Eacnamaíoch Éireannaigh an Domhain, ina raibh ionadaithe gnó ón dá dhlínse páirteach.

4. I ndiaidh dóibh freastal ar chomhdháil a d'fhiosraigh ról an spóirt san athmhuintearas, thacaigh Airí leis an chomhoibriú idir eagrais spóirt ar fud an Oileáin le dul i ngleic leis an chiníochas, an seicteachas agus an deighilt.

CÚRSAÍ AIRGEADAIS AGUS EACNAMAÍOCHTA

5. Phléigh an Chomhairle geilleagair an dá dhlínse agus d'fháiltigh siad roimh roinnt comharthaí téarnaimh a chonacthas le míonna beaga anuas. Cuireadh in iúl don Chomhairle gur dócha go n-éireoidh le Rialtas na hÉireann tarrtháil an AE/IMF a scor faoi dheireadh na bliana.
6. Fiosraíodh na bearta éagsúla atá ar siúl ag an dá Rialtas le tacú leis an téarnamh geilleagrach agus aithníodh an tábhacht atá le hinfheistíocht Dhíreach Eachtrach a mhealladh agus leor-rochtain ar chreidmheas laistigh den earnáil bhaincúireachta a chinntiú sa dá dhlínse. Tá sraith cuairteanna Trádála beartaithe ag an dá Rialtas le hinfheistíocht bhreise a mhealladh. D'aontaigh Airí gur chóir dóibh leanúint de thosaíocht a dhéanamh dá gcuid iarrachtaí a dhíriú ar an téarnamh geilleagair, poist a chruthú, an úsáid is fearr a bhaint as cistí poiblí agus ar an soláthar is éifeachtaí seirbhísí dá gcuid saoránach.
7. Fáiltíodh roimh an ról atá ag NAMA iasachtaí a chur ar fáil le sócmhainní ar fud an oileáin a fhorbairt. Cuireadh in iúl don Chomhairle go bpléifear go híogair le diúscairt acmhainní ó NAMA ionas go dtacófar leis an téarnamh geilleagrach sa dá dhlínse.
8. Tarraingíodh aird ar chion Tionscal na Turasóireachta sa dá gheilleagar. Tá Airí ag tnúth le hóstáil Giro d'Italia i dTuaisceart Éireann an bhliain seo chugainn a bhfuil gné thrasteorann aige agus rothaithe ag taisteal ó Ard Mhacha go Baile Átha Cliath. D'aithin Airí fosta luach na turasóireachta agus go háirithe a fheabhas agus atá ag éirí le tionscnaimh atá ar siúl faoi láthair lena n-áirítear ceiliúradh *Tóstal Éireann 2013* agus *Doire, Cathair Chultúir na RA*.
9. Pléadh an dul chun cinn atá déanta go dtí seo faoi phacáiste eacnamaíochta "Pobal Rafar, Aontaithe a Chruthú". Rinne Airí a dtiomantas don phacáiste a athdheimhniú.

CÚRSAÍ AN AE

10. Aithníodh an tábhacht atá le Cistiú AE sa dá dhlínse agus fáiltíodh roimh an chomhoibriú reatha leis an chistiú seo a tharraingt anuas. Táthar ag leanúint d'fhiosrú tuilleadh féidearthachtaí a bhaineann le cistiú a tharraingt anuas atá le leas an dá dhlínse.
11. Pléadh Cláir chistithe Peace IV agus Interreg V sna blianta atá romhainn. Tá moltaí le haghaidh struchtúr na gClár á bhforbairt faoi láthair agus tá an dá Rialtas ag tnúth lena n-athbhreithniú.

12. Tacaíonn Airí fós le coincheap Dhroichead Chaol Uisce agus d'iarr siad anailís phráinneach ar na ceistanna bainteacha. Tuigean siad go fóill gurb é an tosaíocht gan an cistiú AE a bhaineann leis a chailleadh.

FOSTAÍOCHT ÓIGE

13. Nótáil an Chomhairle na leibhéil dífhostaíochta i measc an aosa óig sa dá dhlínse, phléigh Ráthaíocht Óige an Aontais Eorpaigh agus d'aontaigh gur chóir don dá dhlínse, nuair is féidir, obair i gcomhpháirt le dul i ngleic leis an cheist seo.
14. D'fháiltigh an Chomhairle roimh an chomhoibriú leanúnach idir an Roinn Fostaíochta agus Foghlama agus An Roinn Coimirce Sóisialaí le dul i ngleic le ceist na hóg-dhífhostaíochta agus gheobhaidh CATT uasdátú eile ar an óg-dhífhostaíocht ag cruinniú eile amach anseo.

TUARASCÁIL NA gCOMHRÚNAITHE AR DHUL CHUN CINN

15. D'fháiltigh Airí roimh an obair a thug na Comhlachtaí Thuaidh Theas chun cinn agus roimh Réimsí eile Comhoibrithe ó bhí an cruinniú lomlánach CATT deireanach ann, na croífhorbairtí seo a leanas san áireamh:
 - Tá an próiseas pleanála gnó chun aonad nua radaiteiripe a bhunú in Allt Mhic Dhuibhleacháin ag dul chun tosaigh agus in am agus an tógáil le tosú in earrach 2014 agus le cur i gcrích i samhradh 2016;
 - Tá dul chun cinn á dhéanamh fós ar an chlár oibre chomhaontaithe ar chosaint leanaí. Cuireann an clár, a aontaíodh i mí Iúil 2012, an fhoghlaim chomhroinnte chun cinn, tá sé ag cur le feabhsú cleachtas i sainréimsí cumhdach agus cosaint leanaí agus díritear ar chúig shruth oibre;
 - An dul chun cinn leanúnach ar an Chomhbheartas Talmhaíochta i ndiaidh an chomhaontaithe pholaitiúil idir Comhairle na hEorpa agus Parlaimint na hEorpa ar an Chreat Airgeadais Ilbhliantúil agus idir Comhairle Airí AE agus Parlaimint na hEorpa ar Athleasú CAP;
 - An comhpháirteachas rathúil ardleibhéil idir oifigigh sa dá Roinn Oideachais. Tuairisceofar ar an dul chun cinn le cruinniú CATT amach anseo maidir leis an chomhoibriú chomhaontaithe i réimsí sruthanna oibre 'Tearcghnóthachtáil Oideachais' agus 'Dea-Cheannasaíocht Scoile';
 - Tá na Téarmaí Tagartha faofa le haghaidh staidéar taighde uile-oileánda ar cheist an truaillithe iompartha mar gheall ar dhóchán gual toiteach.

- Tá an dá dhlínse ag leanúint d'eolas agus taithí a chomhroinnt le straitéisí agus bearta sábháilteachta ar bhóithre a sholáthar a laghdóidh líon na dtaismeach.
- Seolfaidh InterTradeIreland i mí na Nollag 2013 aip saor in aisce il-léibhinn do Horizon 2020. Tugann an aip seo tairseach lárnaithe ar líne de chroí-eolas agus cuireann ar chumas úsáideoirí cumarsáid a dhéanamh lena chéile láithreach. Lena chois sin, éascaíonn sí cuardach i gcomhpháirt agus cur chun cinn deiseanna bheith rannpháirteach i gcuibhreannais tionscadail reatha;
- Tá forbairt á próiseáil ar Chláir Chomhoibriú Críche AE iar-2013 agus tá beartaithe go gcuirfear Cláir Oibríochtúla le haghaidh PEACE agus INTERREG i láthair an Fheidhmeannais, Rialtas na hÉireann agus Rialtas na hAlban (INTERREG V amháin) le linn 2013 agus go gcuirfear faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh go foirmiúil iad i ndiaidh do na Rialtais ábhartha iad a chomhaontú;
- Sheol *safefood* mórfheachtas nua a dhíríonn ar otracht i measc páistí i nDeireadh Fómhair 2013. Dírítear san fheachtas ar chuidiú le tuismitheoirí dul i ngleic le nósanna laethúla a bhfuil baint acu le rómheáchan le linn na hóige agus ar fheasacht ar dhúshláin sláinte a eascraíonn as rómheáchan;
- Chuaigh Gníomhaireacht na Lochanna i bpáirt le *Tate Britain* le hoisrí as Loch Feabhail a sholáthar ar imeachtaí Ghradam Turner i nDoire, seoladh na n-imeachtaí, ar a raibh 1000 aoi i láthair, san áireamh;
- Tá Foras na Gaeilge ag leanúint d'fhorfheidhmiú na socruithe nua bunmhaoinithe le héifeacht ó 1 Iúil 2014 ar aon dul le cinneadh CATT 10 Iúil agus leanann dhá Ghníomhaireacht an Fhorais Teanga de chomhoibriú ar cheisteanna rialachais agus dul chun cinn agus soláthar comhchlár gníomhaíochtaí le Comóradh 400 bliain de na Cairteacha Plandála a shonrú;
- Is í Dawn Livingstone, Príomhfheidhmeannach nua Uiscebhealaí Éireann agus chuaigh sí mbun a poist ar 29 Iúil 2013. Tá obair forbartha ar Chanáil Uladh ag dul chun cinn ar bhonn breisíoch. Tá gach faomhadh pleanála faighte ó Chomhairle Chontae an Chabháin, Comhairle Baile Chluain Eois, Comhairle Ceantair Fhear Manach agus Seirbhís Pleanála na Roinne Comhshaoil. Tá an Grúpa Idir-Ghníomhaireachta ag fiosrú roghanna cistithe; agus
- Dul chun cinn ar líon ardaithe cuairteoirí turasóireachta go dtí seo i 2013 agus seoladh feachtas poiblíochta £15.7 milliún an Fhómhair ag *Tourism Ireland* i Meán Fómhair 2013. Is iondúil gur sa tréimhse Meán Fómhair go mí na Nollag a ghnóthaítear suas le 30% den ghnó turasóireacht eachtrach.

16. Thug Airí aitheantas fosta don obair atá ar siúl maidir le hathleasú Scéim Phinsin na bhForas Thuaidh Theas.

ATHBHREITHNIÚ AR CHOMHAONTÚ CHILL RÍMHINN

17. I ndiaidh tamall plé, d'aontaigh an Chomhairle go ndéanfaidh Airí a gcuid tosaíochtaí ina gcuid réimsí earnála féin a mheas. Déanfar torthaí an ghnímh seo a chioradh ag cruinniú Institiúideach de chuid CATT amach anseo mar chuid den athbhreithniú leanúnach.

TIONSCNAMH THAIRSEACH AN IAR-THUAISCIRT

18. Pléadh Tionscnamh Thairseach an Iar-Thuaiscirt agus bhí Airí ag tnúth le tuairisc a fháil ar thoradh an bheart chomhairliúcháin reatha le páirtithe leasmhara ag cruinniú Institiúideach de chuid CATT amach anseo.

FÓRAM COMHAIRLIÚCHÁIN THUAIDH THEAS

19. Nótáil Airí an staid reatha ar Fhóram Comhairliúcháin Thuaidh Theas agus aontaíodh an cheist a athbhreithniú ag Cruinniú Iomlánach CATT amach anseo.

CRUINNITHE CATT AMACH ANSEO

20. D'fhaomh airí sceideal chruinnithe CATT a mhol an Chomhrúnaíocht, ar a n-áirítear cruinniú Iomlánach CATT i Meitheamh 2014.

**An Chomh-Rúnaíocht
8 Samhain 2013**

IARSCRÍBHINN A

CRUINIÚ DEN CHOMHAIRLE AIREACHTA THUaidH THEAS ARD MHACHA - 8 SAMHAIN 2013

Rialtas na hÉireann	Feidhmeannas Thuaisceart Éireann
Enda Kenny TD Taoiseach	An Ró-Onórach Peter Robinson CTR Céad-Aire
Eamon Gilmore TD Tánaiste agus Aire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála	Martin McGuinness CTR LeasChéad-Aire
Michael Noonan TD Aire Airgeadais	Mark Durkan CTR Aire Comhshaoil
Ruairí Quinn TD Aire Oideachais agus Scileanna	Stephen Farry CTR Aire Fostaíochta agus Foghlama
Brendan Howlin TD Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe	Arlene Foster CTR Aire Fiontraíochta, Trádála agus Infheistíochta
Richard Bruton TD Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta	Simon Hamilton CTR Aire Airgeadais agus Pearsanra
Jimmy Deenihan TD Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta	Danny Kennedy CTR Aire Forbartha Réigiúnaí
Pat Rabbitte TD Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádurtha	Nelson McCausland CTR Aire Forbartha Sóisialta
Simon Coveney TD Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara	Carál Ní Chuilín CTR Aire Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta
Frances Fitzgerald TD Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige	John O'Dowd CTR Aire Oideachais
Leo Varadkar TD Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt	Michelle O'Neill CTR Aire Talmhaíochta agus Forbartha Tuaithe
Fergus O'Dowd TD Aire Stáit ag an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil	Jennifer McCann CTR Aire Sóisearach, Oifig an Chéad- Aire agus an LeasChéad-Aire